

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo? What did you do this week?
Bhí mé ag ... *I was at ...*
Chuaigh mé go (dtí an) ... *I went to (the) ...*
Chonaic mé ... *I saw ...*
D'ith mé ... *I ate ...*

2. Cén áit inar rugadh agus inar tógadh Where were you born and raised?
tú?

3. Ar tháinig tusa nó do thuimitheoirí Did you or your parents come here from a
anseo ó áit eile? different place?

4. Cén bhliain inar rugadh tú, muna What year were you born, if you don't
miste leat é a rá? mind saying?

5. An réitíonn tú go maith leis na daoine Do you get along well with the people
atá ina gcónaí mórthimpeall ort? An who live around you? Do you know them
bhfuil aithne mhaith agat orthu? well?

Bailte - Ráth Chairn, Leanúint (TG4) Towns Rathcairn, Cont. (TG4)

1. Go dtí go dtáinig muintir Chonamara i 1935 (naoi déag triocha a cúig). Until the people of Connemara came in 1935.
2. Sortáileadh é sin nuair a tháinig siad. Bhuel, níl sé sin fíor ach an oiread. They sorted that out when they came. Well, that's not true either.
3. Bhí aighneas ann freisin nuair a tháinig muintir Chonamara idir iad féin is muintir na Mí. Ar ndóigh, bheadh. There was conflict, too, when the people of Connemara came, between themselves and the people of Meath. Of course, there would be.
4. Tá sé cineál ar nós, go dtáinig plá mór eachtrannaigh as tír *éicint* (éigin) eile isteach san áit, mar is Gaeilge a labhair siad agus ní raibh focal Gaeilge ag muintir na Mí anseo. It's sort of like a big group of foreigners came in from some other country into the place, because they spoke Irish and the people of Meath here didn't have a word of Irish.
5. Ach, de réir a chéile, réitigh siad le chéile agus táimid an-mhór le chéile anois. But they gradually began to get along and we are now very fond of each other now.
6. Is cineál seod againn anois í Ráth Chairn istigh i lár na Mí i dtaobh cultúir agus teanga de. Rathcairn is a kind of jewel now in the middle of Meath from the perspective of culture and language.
7. Agus tá an meas sin air sa gcontae. And there is that respect for it in the county.
8. Is sna triochaidí a d'aistrigh 443 (ceithre chéad cathracha a trí) duine ó Chonamara go Ráth Chairn. It's in the '30s that 443 people moved from Connemara to Rathcairn.
9. Bhí teach Coimisiúin agus feirm dhá acra agus fiche ar fáil go gach clann. A (Land) Commission house and 22-acre farm was available to every family.
10. Bhí muintir Mháirtín Mhic Dhonncha mar chuid den dream a tháinig aniar. The family of Máirín Mac Donncha was part of the group that came over.
11. Dia duit, a Síle. Cén chaoi a bhfuil tú? Hello, Sheila. How are you?
12. Tá mé iontach, slán a bheas tú. Cén chaoi a bhfuil tú féin? I'm great, may you be well. How are you yourself?

- | | | |
|-----|--|--|
| 13. | Ó, tá sé maith go leor. Maith go leor. | Oh, it's okay. Okay. |
| 14. | Ní thiocfaidh mé chomh fada leat anois mar gheal ar an gCOVID, ach fánfaidh mé i mo shuí anseo. | I won't come up to you because of COVID, but I'll stay seated here. |
| 15. | Bhuel, 'sé an trua, go bhfuil bean bhreá mar thú anseo, ba bhreá liom bheith níos gaire dhuit. | Well, it's a pity that there's a fine woman like you here, I'd like to be closer to you. |
| 16. | Máirtín, ar rugadh sa teach seo thú? | Máirtín, were you born in this house? |
| 17. | Ó, rugadh, rugadh. <i>Tóigeadh</i> (tógadh) anseo mé. | Oh, yes, yes. I was raised here. |
| 18. | Tháinig muintir m'athar an taobh seo i 1935 (naoi déag triocho a cúig). | My father's family came here in 1935. |
| 19. | Agus i 1935 (naoi déag triocho a cúig) a tháinig mo mháthair freisin - an taobh eile den bhaile thíos. | And in 1935 my mother came – down on the other side of the village. |
| 20. | Cé as a dtáinig do mhuintir? | Where did your people come from? |
| 21. | B'as Inis Treabhair mo mháthair. | My mother was from Inis Treabhair. |
| 22. | Agus bhí sí sin 17 (seacht mbliana déag) ag teacht aniar. | And she was 17 coming over. |
| 23. | Agus b'as Doirín Darach m'athair. | And my father was from Doirín Darach. |
| 24. | Bhí sé sin 25 (cúig bliana fichead) ag teacht aniar. | He was 25 years old coming over. |
| 25. | Agus phós siad an bhliain ina dhiaidh anseo. | And they married the following year here. |
| 26. | Tá go leor anois ón chéad glúin imithe agus mise an tríú glúin. | Many now from the first generation are gone and I'm the third generation. |
| 27. | Tá an darna glúin beagnach imithe agus cuid mhaith den tríú glúin imithe ar shlí na fírinne. | The second generation is almost gone and a good part of the third generation have passed away. |

- | | | |
|-----|---|---|
| 23. | Sin an saol. Ach coinneáilimid ag imeacht. | That's life. But we keep going. |
| 24. | Coinneáilimid an áit ag imeacht agus an Ghaeilge beo. | We keep the place going and the Irish language alive. |

Ceisteanna

1. Cé eatarthu an raibh aighneas ann?
2. Ar réitigh siad le céile sa deireadh?
3. Cén áit ina bhfuil Ráth Chairn?
4. Cathain ar tháinig muintir Mháirtín go Ráth Chairn?
5. Cad a fuair na daoine a tháinig go Ráth Chairn?
6. Cén fáth nach dtiocfadh Síle ró-ghar do Mháirtín?
7. Cén aois a bhí máthair Mháirtín nuair a tháinig sí go Ráth Chairn?
8. Cé as a dtáinig athair Mháirtín?
9. Cad a tharla don chéad ghlúin a tháinig aniar?
10. Cad a dhéanfaidh muintir Ráth Chairn?

Questions

1. Who had a conflict?
2. Did they get along in the end?
3. Where is Rathcairn?
4. When did Máirtín's people come to Rathcairn?
5. What did the people who came to Rathcairn get?
6. Why wouldn't Sheila go too close to Máirtín?
7. How old was Máirtín's mother when she came to Rathcairn?
8. Where did Máirtín's father come from?
9. What happened to the first generation that came over?
10. What will the people of Rathcairn do?